

- Sonraítear in [Airteagal 16 den Chonradh](#) ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (sean-Airteagal 286 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh) go bhfuil “ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint”, rud a fhágann ceangal ann reachtaíocht a tharraingt suas chun daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí. Tá feidhm ag an reachtaíocht seo maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh a bunaíodh leis an gConradh nó a bhfuil a mbunús le fáil ann.
- Rinneadh [Rialachán 2018/1725](#) maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, a tharraingt suas chun cloí leis an gConradh agus cearta atá infhorfheidhmithe le dlí a chur ar fáil do dhaoine, chun na hoibleagáidí maidir le próiseáil sonraí atá ar Rialaitheoirí Sonraí a shonrú agus chun údarás maoirseachta neamhspleách a chruthú.
- Is iad cuspóirí Rialachán 2018/1725 daoine nádúrtha a chosaint nuair a bhíonn a sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí pearsanta eatarthu sin nó chuig faighteoirí eile atá bunaithe san Aontas. Tugtar thíos roinnt sainmhíneithe a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus le hábhair ghaolmhara, mar aon le faisnéis faoi chosaint sonraí pearsanta ag an gCúirt:

Prionsabail um chosaint sonraí

Is ar an Rialaitheoir a bheidh an fhreagracht agus beidh sé in ann “cuntasacht” i dtaca le comhlíonadh a léiriú. Aon duine atá i mbun sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart é a bheith ar an eolas faoi phrionsabail bhunúsacha áirithe, a fhágann ceangal air, i dtaca leis na sonraí sin:

- iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an Ábhar Sonraí;
- iad a phróiseáil chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha (“teorannú de réir cuspóra”);
- iad a bheith leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil (“íoslaghdú sonraí”);
- iad a bheith cruinn agus, i gcás inar gá, a bheith á gcoinneáil cothrom le dáta (“cruinneas”);
- gan iad a choinneáil níos faide ná mar is gá (“teorannú stórála”);
- iad a phróiseáil ar bhealach lena n-áiríthítear slándáil, “iomláine agus rúndacht” iomchuí;
- gan iad a aistriú chuig tríú páirtithe gan réamhchúraimí leordhóthanacha;
- iad a phróiseáil i gcomhréir le cearta an Ábhair Sonraí.

Cad is ‘sonraí pearsanta’ ann?

- Ciallaíonn sonraí pearsanta aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (‘an tÁbhar Sonraí’).
- Is éard is duine insainaitheanta ann duine is féidir a shainaitheant, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó d’fhachtóirí a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine sin.
- Maidir le catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil, a shainmhínítear mar shonraí pearsanta lena nochtar an tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ballraíocht i gceardchumann, mar aon le próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaitheant go huathúil agus sonraí a bhaineann le sláinte nó gnéaschlaonadh duine aonair, tá toirmeasc air sin, faoi réir eisceachtaí áirithe (féach Airteagal 10 de Rialachán 2018/1725).

An Rialaitheoir Sonraí agus an tÁbhar Sonraí

Is é an Rialaitheoir Sonraí an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh, an Ardstiúrthóireacht, an t-aonad nó aon eintiteas eagraíochtúil eile, arb é féin, ina aonair nó i bpáirt le heintitis eile, a chinneann críocha agus modhanna na próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta.

Is iad an tArd-Rúnaí, na Stiúrthóirí agus na Príomh-Bhainisteoirí Rialaitheoirí Sonraí na Cúirte.

I gcás gach oibríochta próiseála, ní mór Rialaitheoir Sonraí a shainaitheant agus ní mór réamhfhógra a thabhairt d’Oifigeach Cosanta Sonraí na hinstitiúide.

Is é an tÁbhar Sonraí an duine a ndéanann an Rialaitheoir Sonraí a shonraí pearsanta a bhailiú, a choinneáil nó a phróiseáil.

An Próiseálaí

I gcás nach ndéanann na Rialaitheoirí Sonraí na sonraí pearsanta a phróiseáil iad féin, déanfaidh an Próiseálaí an phróiseáil thar a gceann. Ní mór don Phróiseálaí ráthaíochtaí leordhóthanacha a thabhairt i ndáil leis na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla a theastaíonn, agus ní mór dó comhlíonadh na mbeart sin a áirithiú. Is féidir gur duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó aon chomhlacht eile, ag gníomhú dó ar threoracha — agus orthu sin amháin — ón Rialaitheoir Sonraí, a bheidh sa Phróiseálaí. Beidh an Rialaitheoir Sonraí agus an Próiseálaí araon faoi cheangal ag conradh nó ag gníomh dlí lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta.

An Teagmhálaí (an Rialaitheoir Tarmligthe)

Is é an Rialaitheoir Sonraí a cheapann an Teagmhálaí (nó an 'Rialaitheoir Tarmligthe') agus gníomhaíonn seisean de réir threoracha an Rialaitheora Sonraí. Is é an cúram atá orthu ullmhú na bhfógraí a sheolfaidh an Rialaitheoir Sonraí atá freagrach chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí (i ndiaidh an bhailíochtaíthe) a ullmhú, agus dul i dteagmháil leis an Oifigeach sin nuair is gá.

An tOifigeach Cosanta Sonraí

- Tá Oifigeach Cosanta Sonraí amháin nó níos mó ag gach institiúid lena chinntiú go mbeidh na prionsabail maidir le cosaint sonraí pearsanta á gcur i bhfeidhm san institiúid. Tá ag gach Oifigeach Cosanta Sonraí clár de na hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta go léir a dhéantar ina n-institiúid féin. Cuireann siad comhairle ar fáil freisin agus déanann siad moltaí faoi chearta agus oibleagáidí. Tugann siad fógra don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, má tá iarracht de riosca ag baint le sonraí pearsanta a phróiseáil (féach thíos), agus tugann siad freagraí ar iarrataí an Mhaoirseora. Féadfaidh siad ábhair agus teagmhais a imscrúdú arna iarraidh sin orthu nó as a stuaim féin.

- Ó mhí an Mheithimh 2010 i leith, is é Johan Van Damme Oifigeach Cosanta Sonraí na Cúirte Iniúchóirí, le cúnamh ó Dominique Savreto.

Cad tá i gceist le fógra a thabhairt ("taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála") agus cé atá freagrach as sin?

- Is éard atá i gceist leis ná fógra roimh ré a thugann an Rialaitheoir Sonraí don Oifigeach Cosanta Sonraí i leith aon oibríocht próiseála (de láimh nó leictreonach) ina bhfuil sonraí pearsanta i gceist. Ní gá fógra a thabhairt ach amháin más sonraí pearsanta atá á bpróiseáil.

Cad tá i gceist le clár na nOifigeach Cosanta Sonraí?

- Bunachar sonraí is ea an Clár ina bhfuil gach fógra a chuir na Rialaitheoirí Sonraí chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Le hAirteagal 31 den Rialachán 2018/1725, ceanglaítear ar Oifigeach Cosanta Sonraí an clár de na gníomhaíochtaí próiseála a choinneáil, agus ceanglaítear nach foláir an Clár a bheith ar fáil don phobal.

Cad is Córas Comhdúcháin ann?

- Tá feidhm ag Rialachán 2018/1725 maidir le gach cás ina ndéantar sonraí pearsanta, ar cuid de chóras comhdúcháin iad nó atá beartaithe a bheith ina gcuid de chóras comhdúcháin, a phróiseáil. Is éard an chiall a bheidh le 'córas comhdúcháin' aon sraith struchtúrtha de shonraí pearsanta a bhfuil rochtain orthu de réir critéir shonracha, is cuma má tá an tsraith sin láraithe, díláraithe nó scaipthe ar bhonn feidhmeach nó geografach.

- Is cuma cén áit a bhfuil an córas suite. Is féidir í a shuíomh ar leibhéal na Cúirte, ach freisin ar leibhéal institiúideach, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil nó 'príobháideach' fiú (ar leibhéal gnólachta a ndéantar iniúchóireacht air).

Cad is próiseáil ann?

Is éard is próiseáil ann ná aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibríthe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, stóráil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, léirscriosadh, díothú, etc.

Cad is próiseáil dhleathach ann?

- Luaitear in Airteagal 5 den Rialachán go gcaithfidh aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bheith riachtanach nó toil an ábhair sonraí a bheith léi. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh d'fhonn cúram a chur i gcrích chun leas an phobail ar bhonn reachtaíocht an Aontais Eorpaigh nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil an Aontais;
- nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an Rialaitheoir Sonraí faoina réir a chomhlíonadh;
- nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an tÁbhar Sonraí nó chun bearta a dhéanamh arna n-iarraidh sin ag an Ábhar Sonraí sula ndéantar conradh;

- d) nuair atá toiliú sainráite tugtha, gan athbhrí, ag an Ábhar Sonraí (is é sin le rá aon chomhartha sonracha agus eolach ar mhianta an Ábhair Sonraí arna thabhairt gan srianadh aige trína dtugann sé le fios go bhfuil sé sásta go ndéanfaí próiseáil ar shonraí pearsanta a bhaineann leis);
- e) nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an Ábhair Sonraí a chosaint.
- Tá an Rialaitheoir Sonraí freagrach as a chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil go cóir agus go dleathach.

Raon feidhme

- Aon uair a dhéanann roinn de chuid na Cúirte próiseáil ar shonraí pearsanta atá i gcóras comhdúcháin (láimhe nó leictreonach), cibé áit ina bhfuil an córas sin suite, is cuma cén cineál sonraí atá ann, agus cibé cuspóir atá leis an bpróiseáil, measfar sin a bheith ina shampla den phróiseáil ar shonraí pearsanta de réir bhrí Rialachán 2018/1725. Tá feidhm ag Rialachán 2018/1725 freisin maidir le cásanna ina ndéanann roinn de chuid na Cúirte sonraí pearsanta, ar sonraí iad atá beartaithe a bheith ina gcuid de chóras comhdúcháin, a phróiseáil.
- Ní mór fógra a thabhairt don Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le próiseáil den sórt sin trí úsáid a bhaint as an gcóras fógartha (taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála) atá i bhfeidhm sa Chúirt.

Faisnéis atá le tabhairt don Ábhar Sonraí sula mbaileofar sonraí pearsanta uaidh (Airteagal 15 de Rialachán 2018/1725) agus cearta an Ábhair Sonraí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta (Airteagal 17 go hAirteagal 24 de Rialachán 2018/1725)

- Ní mór don Rialaitheoir Sonraí an fhaisnéis seo a leanas faoi na sonraí a bheidh á bpróiseáil a thabhairt don Ábhar Sonraí:
 - Céannacht agus mionsonraí teagmhála an Rialaitheora
 - Sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí
 - Críocha na próiseála a bheartaítear a dhéanamh ar na sonraí pearsanta chomh maith leis an mbunús dlí atá leis an bpróiseáil
 - Faighteoirí nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta, más ann dóibh;
 - I gcás inarb infheidhme, rún an rialaitheora sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta [...] agus cibé acu is ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún nó i gcás na n-aistriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48, tagairt do na coimircí iomchuí nó oiriúnacha agus na bealaí chun cóip díobh a fháil nó an áit a bhfuil siad ar fáil
 - Tréimhse stórála na sonraí pearsanta, nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh
 - An ceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus iad a cheartú gan aon mhoill mhíchúí má tá siad míchruinn nó neamhiomlán
 - Faoi choinníollacha áirithe, an ceart chun a iarraidh ar an gCúirt sonraí pearsanta a léirscríosadh nó úsáid na sonraí sin a shrianadh
 - I gcás inarb infheidhme, an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta, tráth ar bith, ar chúiseanna a bhaineann go sonracha le cás faoi leith agus an ceart chun iniomparthacht sonraí freisin
 - An ceart chun toiliú a tharraingt siar (i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar thoiiliú)
 - An ceart gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibríthe amháin, lena n-áirítear próifíliú, agus ag a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla maidir leis nó léi nó a bhfuil éifeacht shuntasach aige air nó uirthi
 - An ceart chun gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpach ar Chosaint Sonraí
 - Cibé acu is ceanglas reachtach nó conarthach é an ceanglas sonraí pearsanta a sholáthar, nó an ceanglas é atá riachtanach chun conradh a dhéanamh, agus, más oibleagáid é, na sonraí pearsanta sin a sholáthar mar aon leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nár soláthraíodh na sonraí sin
 - Cé acu atá nó nach bhfuil an Rialaitheoir chun tuilleadh próiseála a dhéanamh ar na sonraí pearsanta chun críche seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta, faisnéis faoin gcríoch eile sin agus aon fhaisnéis ábhartha (tréimhse choinneála, cearta etc.)
 - An ceart chun iarraidh a dhéanamh aon athruithe ar shonraí pearsanta a fhógairt, a mhéid is féidir sin, do pháirtithe eile ar nochtadh na sonraí sin dóibh.

Ní mór déileáil le hiarrataí gan moill mhíchúí agus i gcás ar bith laistigh d'aon mhí amháin ón iarraidh a fháil. Is féidir dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin más gá.

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

- Údarás maoirseachta neamhspleách é an [Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí](#) a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán 2018/1725. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta, tá an Maoirseoir freagrach as a áirithiú go n-urramaíonn institiúidí agus comhlachtaí an Aontais cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe a gceart chun príobháideachais. Tá an Maoirseoir freagrach freisin as comhairle a chur ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Aontais agus ar Ábhair Sonraí maidir le gach ábhar a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.
- Tá ceangal ar Rialaitheoirí Sonraí comhoibriú leis an Maoirseoir, go háirithe trí rochtain ar fhaisnéis a thabhairt.